

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Comhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Maoiniú an Ard-Oideachais sa Todhchaí

1. Réamhfhocal

Is mian le Gaeloideachas leis seo aighneacht a chur faoi bhráid An Chomhchoiste ag freagairt do chuireadh ar aighneachta maidir le Maoiniú an Ard-Oideachais sa Todhchaí

Mar eagraíocht náisiúnta ionadaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis aighneacht a chur faoi bhráid an Chomhchoiste ar an ábhar seo.

2. Múnla Maoiniúcháin i gcomhair an Ard-Oideachais sa Todhchaí

Is beag an infheistíocht atá á déanamh ag an Stát i gcúrsaí i nGaeilge ag an tríú leibhéal go comparáideach le cúrsaí trí Bhéarla. Is ionann an líon mac léinn ag freastail ar chúrsaí san ardoideachas le Gaeilge agus 1.1% den líon mac léinn san ardoideachas ar fad.

Tá ceithre oiread níos mó de sholáthar de réir céatadán ag an dara leibhéal do dhaltaí le foghlaim trí mheán na Gaeilge agus ocht n-uaire níos mó soláthair ar an mbunleibhéal. Ba chóir a thógáil san áireamh chomh maith, de réir an ESRI, go roghnódh 23% den phobal oideachas trí mheán na Gaeilge dá bpáistí dá mbeadh an rogha sin ar fáil.

Tá an soláthar ag an iarbhunleibhéal don oideachas lán-Ghaeilge íseal agus i bhfad faoi bhun leibhéal an éilimh. Cuireann an próiseas reatha pátrúnachta don iarbhunleibhéal bac ar fhorbairt an oideachais lán-Ghaeilge. Tá an córas atá ann in oiriúint don mhóramh seachas ina chóras a thacaíonn le daltaí a theastaíonn oideachas lán-Ghaeilge uathu ag an iarbhunleibhéal. Níl an cur chuige atá in úsáid ag an Roinn Oideachais ag teacht le réadú bheartais an Stáit i leith leathadh an dátheangachais sa tsochaí.

Is deacair tomhais ceart a dhéanamh ar leibhéal an éilimh do chúrsaí trí mheán na Gaeilge ag an 3ú leibhéal nuair nach bhfuil an soláthar nó deiseanna mar ba chóir ag an iarbhunleibhéal. Tá tionchar ag leibhéal an éilimh ar an 3ú leibhéal fite fuaite le leibhéal an tsoláthair ag an iarbhunleibhéal. Is gá mar sin aghaidh a thabhairt mar chéad chéim ar leibhéal an tsoláthair trí Ghaeilge ag an iarbhunleibhéal sa chontanam oideachais.

Le cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2019 (leasú) beidh ardú suntasach ar chineál agus líon na bpost a bheidh ann le Gaeilge mar cháilíocht riachtanach. Ní mór anailís a dhéanamh air seo agus na himpleachtaí lena mbaineann.

Moltar an tréimhse a chaitheann ábhar oidí sa Ghaeltacht a mhéadú ó 4 seachtaine go 12 seachtaine thar tréimhse an chúrsa oiliúna ar fad (4 bliain don chuid is mó) agus ba chóir go n-íocfaidh an Stáit as seo mar dhlúthchuid dá dturas foghlama.

3. Na hOllscoileanna Teicneolaíochta a Leathnú Amach sa Toghcháin

Leis na himpleachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2019 (leasú), go háirithe na forála go mbeidh 20% de na daoine a earcófar san earnáil phoiblí faoi dheireadh 2030 inniúil ar an nGaeilge, is gá a chinntiú go mbeidh an soláthar do chúrsaí agus seirbhísí as Gaeilge curtha san áireamh in aon leathnú amach ar na hollscoileanna teicneolaíochta sa thoghcháin.

4. An Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, Conairí Foráis agus an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) chun tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne

Tá sé aitheanta go forleathan i measc na ngeallsealbhóirí uile, an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Mhúinteoireachta ina measc, go bhfuil géarchéim san earnáil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta ó thaobh líon agus cumas na múinteoirí bheith ag feidhmiú go cumasach trí mheán na Gaeilge. Is cúis imní ollmhór é seo don earnáil tumoideachais agus is léir go bhfuil gá le plé cuimsitheach, tuiscint a mhéadú ar iomlán na ndúshlán, réitigh náisiúnta a mholadh agus guth comhaontaithe a chur chun cinn. I measc na moltaí atá ag Gaeloideachas ar an gceist seo áirítear:

- i. Go leagfaí síos spriocanna maidir le cumas teanga an mhúinteora, agus go mbeadh cáilíocht sa teanga mar chritéir cheapacháin dóibh siúd a dteastódh uathu a bheith fostaithe sa chóras tumoideachais
- ii. Go sochrófar caighdeán na Gaeilge a mbeifear ag súil leis agus go ndéanfaí measúnú ar chaighdeán Gaeilge na n-ábhar oidí ag leibhéal iontrála agus fágála na gclár oiliúna
- iii. Go mbeadh meicníocht ann chun caighdeán na teanga le linn na gairme mar mhúinteoir á mheas
- iv. Go mbeadh uirlisí mheasúnaithe comónta á gcur i bhfeidhm ionas go gcinnteofar go mbeidh caighdeán seasta i gceist
- v. Go mbeadh tacaíochtaí teanga ar fáil d'ábhair oidí, ar a n-airítear dianchúrsaí, le cinntiú go mbeidh an caighdeán sin bainte amach acu faoin am go dtugann siad faoi mhúineadh sa chóras tumoideachais
- vi. Go mbeadh breis soláthair ann agus rogha níos fairsinge ann d'oiliúint tosaigh agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach don chóras trí mheán na Gaeilge
- vii. Go mbeadh córas nó gréasán meantóireachta mar chabhair do mhúinteoirí, ach go háirithe dóibh siúd nach bhfuil chomh muiníneach nó atá ag cur tús lena gcuid múinteoireachta
- viii. An liúntas a thabhairt ar ais do mhúinteoirí sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus é a cheangailt le cáilíocht TEG ag leibhéal sainaitheanta le múinteoirí a spreagadh.
- ix. Sa chóras meán-Bhéarla, ba chóir go mbeadh sainoiliúint ar fáil do mhúinteoirí nua agus do mhúinteoirí fad-bhunaithe bunscoile i modhanna múinteoireachta na Gaeilge
- x. Is gá sainchúrsaí a chur ar fáil do mhúinteoirí reatha sa Ghaeltacht leis an gcaighdeán a ardú sna scoileanna agus chun cabhrú leis an páirt-tumoideachas a chur i bhfeidhm sna bunscoileanna.

Sa réimse Riachtanais Speisialta Oideachais:-

- Tá géarghá le hoiliúint ar shíceolaithe, theirpeoirí urlabhra agus lucht tacaíochta eile ar an gcóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus conas plé go héifeachtach agus go proifisiúnta trí mheán na Gaeilge le páistí dátheangacha le go bhfaighidh siad an tacaíocht chuí/measúnú cuí déanta ina dteanga dhúchais nó ina dteanga foghlama. Ardaítear ceisteanna eitice i leith chearta teanga an scoláire nuair a sháraítear é seo.
- Tá an-easnamh ann ó thaobh oiliúint chuí do Chúntóirí Riachtanais Speisialta chun feidhmiú sa suíomh lán-Ghaeilge. Moltar go bhforbrófaí cúrsa FETAC leibhéal 5/6 do Chúntóirí Riachtanais Speisialta ach go mbeadh modúil nó, clár iomlán atá dírithe ar an gcóras lánGhaeilge agus Gaeltachta.
- Ní mór seirbhísí urlabhra agus teanga a bheith ar fáil i dteanga dhúchais an linbh / teanga na scoile.
- Ní mór don RO tabhairt faoi thógáil feasachta ar an gcóras chun nach mbeidh míthuiscintí ann faoi nádúr an chórais agus a oiriúnacht don pháiste le RSO, ar a n-áirítear oiliúint ar shíceolaithe, theirpeoirí urlabhra agus lucht tacaíochta eile ar an gcóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Sa Réimse DEIS

- go ndéanfaí athbhreithniú ar mheasúnaithe síceolaíochta i Scoileanna lán-Ghaeilge / Gaeltachta DEIS, go gcuirfí in oiriúint iad don chomhthéacs agus do riachtanais na ndaltaí agus go mbeadh na measúnaithe dátheangach ar a laghad.

Tá straitéis náisiúnta de dhíth chun tacú leis an tumoideachas agus le múinteoirí atá ag teagasc sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Tá súil ag Gaeloideachas go n-aithneofar an tábhacht a bhaineann leis na moltaí thuas agus moltaí an taighde agus go dtabharfar aghaidh ar bhonn práinneach ar na dúshláin atá ann agus romhainn.

Ba chóir a chinntiú go mbeidh cúrsaí Gaeilge atá aitheanta ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) ar fáil i ngach institiúid ardoideachas chun cabhrú leis an mbearna atá ann idir an líon cúrsaí a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus an líon gairmeacha a bheidh an Ghaeilge úsáideach / riachtanach dóibh de thoradh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2019 (leasú) a líonadh. D'fhéadfadh Foghlaim ar Feadh an tSaoil, Conairí Foráis agus an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach cabhrú go mór leis na bearnaí seo a líonadh.

An Taighde, an Nuálaíocht agus an Rannpháirtíocht

Tá tionchar díreach ag an rannpháirtíocht san oideachas iarbhunleibhéil trí mheán na Gaeilge ar an ráta aistrithe agus an ráta spéise i gclár trí Ghaeilge ag an tríú leibhéal. Luíonn sé le ciall dá réir go ndéanfaí anailís cuimsitheach ar conas an rannpháirtíocht agus an inrochtaineacht a mhéadú. Tá easnamh ann ag leibhéal an tsoláthair – ó thaobh líon scoileanna lán-Ghaeilge agus líon / cineál na dtacaíochtaí atá ar fáil dóibh. Tá easnaimh ann sa chóras Béarla freisin ó thaobh struchtúr tacaíochta don Ghaeilge ar ghá dul i ngleic leo ar bhonn práinneach i bhfianaise an mais criticiúil de chainteoirí Gaeilge poitéinsiúla sa chóras. Leagtar amach thíos roinnt straitéisí inmholta.

Moltar:

- Go mbeadh treoiríníte oifigiúla ann do gach scoil lán-Ghaeilge (ar aon dul leis na scoileanna Gaeltachta) ar na dea-chleachtais i réimsí an tumoideachais sa treo is go mbeadh cur chuigí taitíbhunaithe agus taighdebhunaithe á gcur i bhfeidhm chun leasa na scoile agus na ndaltaí.
- Go mbeadh treoiríníte i leith an luath-thumoideachais iomlán eisithe agus go mbeadh an 2 bhliain den luath-thumoideachais sna scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht á mholadh agus á mheas ag an gCigireacht mar chuid dá gcuid measúnaithe.
- Moltar go ndéanfaí na ciorcláin athbhreithnithe ar dhíolúine ar staidéar ar an nGaeilge a tharraingt siar, mar nach bhfuil siad ag teacht leis an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar oideachas ionchuimsitheach agus i ngeall ar an teachtaireacht diúltach a thugann siad do thuismitheoirí a bhfuil páistí le riachtanais speisialta oideachais acu maidir le hoideachas lán-Ghaeilge.
- Tá an Bille Iontrála reatha ag cur bac ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt do pháistí ó naíonraí ina gcuid polasaithe iontrála. Aithnítear sa teoiric agus sa chleachtas go bhfuil fórtábhacht leis an luath-thumadh sa Ghaeilge sa naíonra mar ullmhúchán don bhunscoil lán-Ghaeilge agus chun an rannpháirtíocht ann a mhéadú. Tá an chéim seo sa chontanam oideachas agus sóisialú trí Ghaeilge riachtanach. Moltar an reachtaíocht a leasú le gur féidir le páistí ó naíonra a bheith aitheanta mar chritéir iontrála ar mhaithe le leanúnachas sa luaththumoideachas Gaeilge.
- Go ndéanfaidh an Comhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnaithe (CNCM) aon athruithe ar shonraíocht na Gaeilge san Ardteist a chur siar go dtí go bhfuil na hathruithe sa tSraith Shóisearach leabaithe isteach, le seans a thabhairt do mhúinteoirí dul i dtaití ar na hathruithe suntasacha atá tarlaithe le cúpla bliain anuas agus le deis a thabhairt don CNCM aiseolas ón taití seo a bhailiú agus a chur san áireamh. Moltar go ndéanfaidh an CNCM iniúchadh cuí ar na moltaí sa phlécháipéis¹ a réitigh an tOllamh Áine Hyland móide Fíona Uí Uiginn maidir le cur chuige malartach agus feiliúnach do Ghaeilge na sraithe sinsearaí.
- Nach ndéanfaí Aonad lán-Ghaeilge ag an iarbhunleibhéal a bhunú mura mbíonn tumoideachas iomlán ar fáil mar pholasáí agus mar chleachtas, agus sa chás nach mbíonn, go ndéanfar iad a sholáthar mar scoileanna neamhspleácha nó mar scoileanna satailíte faoi chúram iar-bhunscoil lán-Ghaeilge go mbeidh an stádas neamhspleách bainte amach.
- Tá sé mar sprioc ag an Roinn Oideachais / Stát rannpháirtíocht sna scoileanna a mhéadú go suntasach agus luadh mar sprioc go mbeadh dúbailt i líon na ndaltaí sna scoileanna lán-Ghaeilge. Tá gá le meicníocht chuige sin – trí fás scoileanna reatha; forbairt scoileanna nua; athrú ar an bpróiseas bunú scoileanna/bunú aonaid; tiontú scoileanna Béarla ina scoileanna lán-Ghaeilge; scoileanna satailíte srl.
- Go ndéanfaí taighde chun an staid reatha de chúrsaí agus seirbhísí Gaeilge san ardoideachas a thuiscint, leis an éileamh a mheas agus le planáil do rannpháirtíocht agus ról lánrach don Ghaeilge sa tsochaí agus sa gheilleagar amach anseo.
- Ba chóir iniúchadh a dhéanamh gach 3 bliana ar riachtanais 3ú leibhéal atá ag mic léinn dara leibhéal na tíre agus ar an tsoláthar bhreise atá déanta le freastal ar na riachtanais sin.

¹ https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2021/11/Plechaipéis_CNCM_Sonraiochtaí_Datheangach.pdf

An Fhoghlaim Dhigiteach agus Tacaíocht Deontas do Mhic Léinn a áireamh sa Rochtain, san Éagsúlacht agus san Ionchuimsiú

Fáiltíonn Gaeloideachas roimhe go bhfuil ról lárnach ag an TFC sa Pholasáí Oideachas Gaeltachta mar uirlis thábhachtach chun ‘mol nó ríomh-scoileanna le seomraí ranga fíorúla i scoileanna’ a bhunú. Molaimid go leathnófaí soláthar an TFC go tréan tríd na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge chun an inrochtaineacht ar oideachas ar ardchaighdeán do gach dalta a éascú. Chabhródh sé leis an ngéarchéim i soláthar mhúinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a mhaolú.

Ní mór gné láidir den chianfhoghlaim an bheith lárnach don soláthar ag an tríú leibhéal agus na hardáin cuí a bheith ar fáil trí Ghaeilge chuige.

Ní mór feasacht a ardú, agus traenáil a chur ar fáil ar bhogearraí atá ar fáil i nGaeilge chun timpeallacht chruinn dhigiteach lánGhaeilge a chruthú; na cinn coitianta ó MS agus Google, seirbhísí ó na meáin shóisialta agus ar aghaidh chuig na saintairgí.

Ní mór cothromaíocht a bheith ann do na scoileanna nach bhfuil rochtain acu ar leathanbhanda ar chomhchaighdeán le scoileanna uirbeacha tríd chórais satailíte.

Ní mór cothrom na féinne a bheith ann do scoileanna lánGhaeilge le tacaíocht agus áiseanna ar líne a bheith curtha ar fáil go comhuaineach mar a luaitear san Acht Na dTeangacha 7rl. SFGM (SFGM - Teicneolaíocht san Oideachas go háirithe), na hionaid oideachais, Scoilnet agus Webwise ina measc.

Moltar scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a bheith roghnaithe mar scoileanna píolótacha i gclár dhátheangach náisiúnta; ar nós an clár ‘Digital School of Distinction’ ach ceann ina bhfuil cothrom na féinne do phobal na Gaeilge, seachas abairt amháin in iomlán ar a suíomh gréasáin.

Feabhra 2022